An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2017

GNÍOMH ÉACÚIMÉINEACH AN ADHARTHA

# Ordú Seirbhíse

Athmhuintearas – is é grá Chríost atá dár dtiomáint

(2 Corantaigh 5:14-20)



© Cóipcheart: Churches Together in Britain and Ireland

## TIONÓL

*Bíobla agus leicseanár á thabhairt ar aghaidh, agus iomann á chanadh ar feadh na huaire.*

*Either*

Ceannaire In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

**Cách Amen.**

*nó*

Ceannaire In ainm Dé, Cruthaitheoir, Cothaitheoir, agus Slánaitheoir.

**Cách Amen.**

Ceannaire Grásta agus Síocháin chughaibh ó Dhia a thug sinn chun athmhu intearais, trí Íosa.

Beidh an-chuid Críostaithe ag comóradh an Reifirméisin sa Ghearmáin i mbliana. Faoi mar a thuig Lútar féin tar éis dó athmhuintearas a dhéanamh le Críost tríd an gcreideamh, cuimhnímis gur thug Dia sinn chun athmhuintearais leis trí Íosa a iarrann orainn a bheith inár ministéirí an athmhuintearais.

## FAOISTIN

Ceannaire Bíonn gá leanúnach san eaglais le bheith ag teacht níos cóngaraí d'Íosa, mar is de réir mar a mhéadaíonn ar an ngrá atá againn d'Íosa is ea a fheabhsaíonn an caidreamh a bhíonn againn le daoine eile. San iarracht dúinn ar theacht níos cóngaraí d'Íosa, áfach, is amhlaidh atáimid tar éis an deighilt seo a chruthú. Tuigimid go maith gur ghuigh Íosa le go mbeimis aontaithe le chéile, agus go gcreidfeadh an domhan, agus dá bhrí sin, ba cheart dúinn ár gcuid peacaí a aithint, agus leigheas a lorg do na gortuithe a rinneamar ar a chéile tríd an deighilt seo.

*Bíonn tréimhse thostach ann ag an bpointe seo.*

Aithnímid i láthair Dé go bhfuil teipthe orainn mar chlocha na beatha, agus go bhfuil fallaí deighilteacha tógtha againn ina n-áit.

*Díreach roimh gach ceann de na hachainíocha seo a leanas, tugann baill éagsúla den phobal cloch ar aghaidh, ó áiteanna difriúla san eaglais, i dtreo falla a thógaint, agus maithiúnas á agairt acu.*

**Léitheoir 1** Do 'ghanntanas an ghrá' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as gach uair a theip orainn grá mar is ceart a léiriú.

**Léitheoir 2** D'fhuath agus do ghráin a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as an bhfuath agus an ngráin atá léirithe againn dá chéile.

**Léitheoir 3** Don chúisiú bréagach a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as an gcúisiú bréagach agus as an gclúmhilleadh atá déanta againn ar a chéile.

*Cantar Kyrie nó gairm ghairid eile ag an bpointe seo.*

**Léitheoir 4** Don 'leithcheal' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as gach cineál leithcheala agus dochar a dhéanaimid dá chéile.

**Léitheoir 5** Don 'ghéarleanúint' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as an ngéarleanúint agus an céasadh a dhéanaimid ar a chéile.

**Léitheoir 6** Don 'chomaoin bhriste' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as an gcomaoin bhriste a chur ar aghaidh inár bpobail féin.

*Cantar Kyrie nó gairm ghairid eile ag an bpointe seo.*

Léitheoir 7 — Don 'éadulaingt' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as meon éadulangach a bheith againn sa stair agus sa lá atá inniu ann.

Léitheoir 8 — Do 'chogaí agus do choimhlintí reiligiúnacha' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as an gcoimhlint ar fad agus as na cogaí ar fad a chuireamar ar a chéile san am a caitheadh.

Léitheoir 9 — Don 'deighilt' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as a bheith ag dul ar aghaidh lenár saol mar Chríostaithe gan aon aontas eadrainn, ar seachrán ón dualgas comónta a leagadh orainn an cruthú a chneasú.

*Cantar Kyrie nó gairm ghairid eile ag an bpointe seo.*

Léitheoir 10 — Do 'mhí-úsáid na cumhachta' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as an mí-úsáid a bhainimid as an gcumhacht.

Léitheoir 11 — Don 'aonrú' a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as gach uair a scar sinn sinn féin amach ónár ndeirfiúracha agus ónar ndeartháireacha Críostaithe agus ó na pobail ina mairimid.

Léitheoir 12 — Don mhórtas a sheasann an chloch seo.
A Dhia an ghrásta,
iarrann grá Chríost orainn maithiúnas a lorg as mórtas a bheith againn.

**Cách** — **A Thiarna, ár nDia,**
**féach ar an bhfalla seo atá tógtha againn,**
**é ag teacht eadrainn, agus idir sinn féin agus tusa.**

**Maith dúinn ár bpeacaithe agus cneasaigh sinn.**
**Cabhraigh linn gach falla deighilteach a shárú,**
**agus aontaigh sinn ionat féin. Amen.**

*Is féidir na focail seo a leanas ó Eizicéil agus ón tSíocháin a labhairt ag an bpointe seo nó tar éis na léamha agus an Seanmóir*

Ceannaire Tabharfaidh Dia croí nua daoibh
agus cuirfidh spiorad nua ionaibh;
bainfidh sé an croí cloiche as bhur gcorp,
agus tabharfaidh croí feola daoibh ina áit.
Cuirfear ionaibh spiorad Dé, agus tabharfar oraibh siúl
de réir a reachtanna agus a dheasghnátha siúd
(Bunaithe ar Eizicéil 36:25-27)

## AN TSÍOCHÁN

Ceannaire Is é Críost ár síocháin, is é a rinne aon bhuíon amháin dínn, nuair a leag sé ar lár gona cholainn féin fallaí úd an naimhdis. (Eif. 2.14)

Síocháin Dé go raibh leat i gcónaí.

**Cách** **Agus leat féin.**

*Tugtar comhartha na síochána.*

*Cantar amhrán, iomann, nó seinntear píosa ceol machnamhach.*

## ÉISTEACHT

**Eipistil**

2 Corantaigh 5:14-20

Is é grá Chríost atá dár dtiomáint ón uair a d'aithníomar go bhfuair aon duine amháin bás ar son cách uile agus dá réir sin go bhfuil an uile dhuine tar éis bháis. Agus fuair sé bás ar son cách d'fhonn is nach ar mhaithe leo féin a mhairfeadh na beo feasta ach ar mhaithe leis an té sin a fuair bás ar a son agus a d'aiséirigh ó mhairbh. As seo amach

dá bhrí sin ní dhéanaimid neach ar bith a mheas do réir caighdeáin shaolta. Más ea féin go ndearnamar Críost a mheas de réir an chaighdeáin sin tráth, ní dhéanaimid amhlaidh a thuilleadh. Mar, aon duine atá i gCríost, is duine é atá cruthaithe as an nua; tá an sean i léig, féach, agus tá an nua tagtha. Is é Dia a thug an t-iomlán i gcrích, mar is é a thug sinne chun athmhuintearais leis féin trí Chríost agus a d'fhág an t-athmhuintearas ina chúram orainne. Is é sin le rá go raibh Dia i gCríost ag tabhairt an domhain chun athmhuintearais leis féin, gan cionta na ndaoine a agairt orthu, agus gur fúinne a d'fhág sé fógairt an athmhuintearais sin. Dá réir sin is ambasadóirí thar ceann Chríost sinne mar gur trínne atá Dia ag achainí. Is é a impímid oraibh in ainm Chríost athmhuintearas a dhéanamh le Dia.

**Salm mar fhreagra: 18:26-32** (*d'fhéadfaí é seo a chanadh*)

**Is grá liom tú, a Thiarna, mo neart.**

Bíonn tú grámhar leo siúd a léiríonn grá duit:
ach iadsan atá glic, is le barr glicis a sháraíonn tú iad.
Tagann tú i gcabhair ar lucht an ghátair,
ach cuireann tú lucht na súl mórtasach de dhroim seoil. **R./**

Tusa, a Thiarna, is tú mo lampa,
Dia a chaitheann solas ar gach doircheacht
Leagfaidh mé ar lár gach falla le do thaca,
agus tusa mar Dhia agam, ní chuirfear claí orm. **R./**

Maidir le Dia, tá a shlite gan cháim,
briathra an Tiarna, is den ór féin iad,
is é gan amhras a thabharfar cumhdach,
do gach a lorgaíonn dídean ann. **R./**

Ach cé hé Dia ach an Tiarna féin?
Cad is cloch ann ach ár nDia?
Dia féin a thugann neart dom,
Dia a dhaingíonn an bóthar. **R./**

**Cácheluia (leagan canta)**

**Léamh Soiscéil**
Lúcás 15:11-32

Dúirt sé freisin: "Bhí fear ann a raibh beirt mhac aige. Agus dúirt an duine ab óige acu lena athair: 'A athair, tabhair dom an chuid den sealúchas atá ag titim chugam.' Agus roinn sé a mhaoin shaolta eatarthu. Agus i gcionn beagán laethanta, tar éis don mhac ab óige gach ní a bhailiú le chéile, d'imigh sé ar an gcoigrích go tír i gcéin, agus scaip a shealúchas ansiúd, ag tabhairt a shaoil go drabhlásach. Nuair a bhí gach aon ní caite aige, tháinig gorta millteach sa tír sin, agus thosaigh sé féin bheith in uireasa. D'imigh sé agus rinne fostú le duine de mhuintir na tíre sin, agus chuir seisean faoina chuid talún é ag aoireacht mhuc. Agus ba é ba mhian leis a bholg a líonadh de na féithleoga a d'itheadh na muca, agus ní thugadh aon duine dó iad. Ach tháinig sé chuige féin agus dúirt: 'Cá liacht de lucht tuarastail ag m'athair a bhfuil fuílleach aráin acu, agus mise anseo ag fáil bháis den ghorta! Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m'athar agus déarfaidh mé leis: A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm; déan díom mar a bheadh duine de do lucht tuarastail.' Chuir sé chun bóthair ag triall ar a athair. Ach le linn dó fós bheith i bhfad uaidh, chonaic a athair é agus ghabh trua é, agus rith sé chuige, á chaitheamh féin ar a bhráid agus á mhúchadh le póga. Dúirt an mac leis: 'A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm.' Ach dúirt an t-athair lena sheirbhísigh: 'Beirigí amach gan mhoill an éide is uaisle agus cuirigí air í, agus cuirigí fáinne ar a mhéar agus cuaráin ar a chosa, agus tugaigí libh an lao biata agus maraígí é, agus bímis ag ithe agus ag aoibhneas; óir bhí an mac seo agam marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.' Agus thosaigh siad ag déanamh aoibhnis. "Bhí an mac ba shine aige ar fud na talún, agus nuair a tháinig sé i ngar don teach, chuala an ceol agus an rince. Ghlaoigh sé chuige duine de na giollaí agus d'fhiafraigh de cad é an rud é seo a bhí ar bun. Dúirt seisean leis: 'Do dhearthháir a bheith tagtha, agus mharaigh d'athair an lao biata de chionn go bhfuair sé ar ais slán é.' Ach bhí fearg air agus níorbh áil leis dul isteach. Tháinig a athair amach ag achainí air. Ach dúirt sé lena athair á fhreagairt: 'Féach féin a bhfuilim de bhlianta ag seirbhís duit agus ní dheachaigh mé riamh thar do réir, agus riamh níor thug tú dom mionnán gabhair chun go ndéanfainn aoibhneas le mo chairde. Ach an mac seo agat nuair a tháinig sé, tar éis do mhaoin shaolta a ídiú le striapacha, mharaigh tú an lao biata dó.' Ach dúirt sé leis: 'A mhic, bíonn tusa liom i gcónaí, agus gach a bhfuil agam is leat; ach bhí sé ceart aoibhneas a dhéanamh agus áthas, óir bhí an deartháir seo agat marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.'

**Cácheluia (leagan canta)**

## SEANMÓIR

## CRÉ

**In aon Dia amháin a chreidimidne,**
**an tAthair atá Uilechumhachtach,**
**agus a rinne gach ní idir thalamh agus neamh,**
**idir nithe a fheictear agus nach bhfeictear,**
**Creidimidne in aon Tiarna amháin, Íosa Críost,**
**Aonmhac Dé**
**a rugadh go síoraí do Dhia,**
**Dia ó Dhia, Solas ón Solas,**
**fíor-Dhia ón bhfíor-Dhia,**
**nach ndearnadh ach a saolaíodh,**
**aon duine amháin le Dia é;**
**is tríd siúd a rinneadh gach ní.**
**Is dúinn féin agus dár slánú**
**a tháinig sé ó neamh anuas chughainn,**
**an Spiorad Naomh inchollaithe, an Mhaighdean Mhuire gan cháim,**
**iad araon anois sa cholainn dhaonna.**
**Ar mhaithe linn féin a chéas Pointias Píoláit é;**
**d'fhulaing sé páis agus cuireadh é.**
**Ar an tríú, nár éirigh arís,**
**faoi mar a dúirt an scrioptúr;**
**ar neamh in airde a chuaigh sé,**
**suite dó féin ar dheis Dé, a Athair.**
**Tiocfaidh sé arís go glórmhar, lena bhreith a thabhairt ar idir bheo agus mharbh, agus ní thiocfaidh aon deireadh lena réim.**
**Creidimid sa Spiorad Naomh, an Tiarna, agus an té a thugann an bheatha,**
**an té a thagann ó Dhia [agus ón mac],**
**an té a dtugtar idir adhradh agus ghlóir dó,**
**an té a labhair trína chuid fáithe**
**Creidimidne in aon Eaglais Chaitliceach aontaithe aspalda amháin.**
**Aithnímidne aon bhaisteadh amháin do mhaitheamh na bpeacaí.**
**Lorgaímid aiséirí na marbh,**
**agus beatha an tsaoil atá le teacht Amen.**

*Murar úsáideadh Eiziceil nó an tSíochain níos luaithe, ba cheart iad a chur isteach anseo.*

Ceannaire — Tabharfaidh Dia croí nua daoibh
agus cuirfidh spiorad nua ionaibh;
bainfidh sé an croí cloiche as bhur gcorp,
agus tabharfaidh croí feola daoibh ina áit.
Cuirfear ionaibh spiorad Dé, agus tabharfar oraibh siúl
de réir a reachtanna agus a dheasghnátha siúd
(Bunaithe ar Eiziceil 36:25-27)

## AN TSÍOCHÁIN

Ceannaire — Is é Críost ár síochain, is é a rinne aon bhuíon amháin dínn, nuair a leag sé ar lár gona chroí feola fallaí úd an naimhdis. (Eif. 2.14)

Síochain Dé go raibh leat i gcónaí.

**Cách** — **Agus leat féin.**

*Tugtar comhartha na síochána.*

## RESPONDING

Ceannaire — Gach a scar sinn ó Dhia, d'éag sé le bás Chríost ar an gcrois.
Agus sinn in aon bhuíon amháin arís leis, cuirimis romhainn
le cumhacht a Spioraid,
gach deighilt a bhriseadh síos,
agus a bheith aontaithe arís le chéile,
i dtreo is go naofar ainm Dé arís,
le teacht an ríochta,
do thoil déanta ar an talamh.

*D'fhéadfaí iomann athmhuintearais nó iomann ghlóire na croise a chanadh de réir mar a bhaintear an falla as a chéile, agus na clocha a bhaintear as a chur i bhfoirm chroise.*

## AN TIDIRGHUÍ

*Lasann duine éigin coinneal ó fhoinse lárnach solais, coinneal Paschal mar shampla, agus fanann ina shuí timpeall ar an gcrois ansin.*

Léitheoir 1 a Dhia Uilechumhachtach,
chuir tú chughainn Íosa Críost, mac duit,
i dtreo an domhan a thabhairt chun athmhuintearais leat féin.
Molaimid tú de bharr gur cuireadh ar chumas daoine
a bheith ag teacht le chéile gach áit ar domhan mar phobal grámhar
a bhuí le do Shoiscéalsa, agus mar gheall go nglaotar d'ainm
gach áit dá sroicheann do chuid searbhóntaí.
Go músclaí do Spiorad i ngach pobal ocras agus tart na haontachta.

a Thiarna, le do thrócaire,

**Cách** **Éist lenár bPaidir** (leagan canta / ráite)

Léitheoir 2 A Dhia an ghrásta,
guímid lenár gcuid eaglaisí. Líon iad le gach fírinne
agus síocháin.
Más truaillithe don chreideamh, glan é;
más ar seachrán do na daoine, ceartaigh iad;
má theipeann ar na daoine do Shoiscéal a chraobhscaoileadh,
leasaigh iad;
agus má thugann siad fianacht don cheart, neartaigh iad;
más gátarach dóibh, cothaigh iad;
agus más scoilte dóibh, aontaigh iad.

A Thiarna, le do thrócaire,

**Cách** **Éist lenár bPaidir** (leagan canta / ráite)

Léitheoir 3 A Dhia, a chruthaitheoir,
más ar do dheilbh féin a chruthaigh tú sinn, is trí do mhac féin a
shlánaigh tú sinn.
Féach le comhbhá ar chlann uile an tsaoil;
Bain dár gcroí an sotal agus an fuath a lofaíonn sinn,
bris anuas na fallaí a scarann sinn, agus aontaigh sinn i mbannaí
an ghrá.
Oibrigh linn i dtreo do thoil a dhéanamh ar neamh ainneoin ár
laigeachtaí, ionas go mbeidh gach pobal agus gach náisiún
freastal a dhéanamh ort agus iad i dteannta a chéile timpeall ar
do choróin.

A Thiarna, le do thrócaire,

**Cách** **Éist lenár bPaidir** (leagan canta / ráite)

Léitheoir 4

a Spiorad Naomh, an té a thugann an bheatha,
cruthaíodh sinn le go mba aon bhuíon amháin sinn ionatsa,
agus go roinnfimis an saol seo ar domhan i dteannta ár ndeartháireacha agus deirfiúracha.
Múscáil i ngach duine againn an comhbhá agus an grá a bhaineann go dlúth leat féin.
Tabhair dúinn misneach agus neart i dtreo is go lorgóimid ceartas inár bpobail féin, síocháin á cothú inár dteaghlaigh féin, sólás á thabhairt dóibh siúd atá breoite agus dóibh siúd atá ag teip,
gach a bhfuil againn á roinnt le lucht an ghátair.
Guímid le dtiocfadh athrú ó bhonn ar gach croí.

A Thiarna, le do thrócaire,

**Cách** **Éist lenár bPaidir** (leagan canta / ráite)

## PAIDIR AN TIARNA

*Deirtear Paidir an Tiarna nó is féidir é a chanadh leis; pé an fhoirm is fearr a oireann do bhur gcomhthéacs féin.*

## SEOLADH

*Cantar iomann*

*Scaipeann na cúntóirí na coinnle lasta timpeall an chomhluadair – ba cheart go mbeadh coinneal ag gach aon duine.*

Ceannaire

Is é Íosa solas an tsaoil, solas nach gcloífidh aon doircheacht.
Iompraígí a sholas isteach sa saol, sna háiteanna dorcha ina bhfuil an troid ar siúl agus ina dtagann an deighilt salach ar an bhfianacht.
Go dtuga solas Dé sinn chun athmhuintearais inár gcuid focal agus inár gcuid gníomhartha.

# BEANNACHT

Ceannaire — Glaoimid ort, a Dhia Ard-Trócaireach:
beannaigh agus misnigh iad sin a bhfuil an t-athmhuintearas á lorg acu,
le go mbeidis ar an eolas faoi do ghníomhartha móra grá,
agus iad á bhfoilsiú don saol acu an uair sin.
Iarraimid é seo in ainm Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna.

**Cách** — **Amen**

*Either*

Ceannaire — **Beannacht go deo libh ó Dhia Uilechumhachtach, an tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh,**

**Cách** — **Amen**

*Nó*

Ceannaire — Beannacht go deo libh ó Dhia Uilechumhachtach,
Cruthaitheoir, Cothaitheoir agus Slánaitheoir.

**Cách** — **Amen**

Ceannaire — Imígí faoi shíocháin agus freastalaígí ar an Tiarna.

**Cách** — **Buíochas le Dia.**

*Seinntear ceol orgáin nó aon chineál ceoil eile a bheadh oiriúnach, agus síntiúis á mbailiú.*

**Tógadh na sleachta bíobalta ó An Bíobla Naofa, cóipcheart 1981,
le caoinchead ó An Sagart.**